Scoil Chaoimhín, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

Ní neart go cur le chéile

Ráiteas Scoile

- Is bunscoil lán Ghaelach í Scoil Chaoimhín
- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile
- Cothaítear atmaisféar sona spreagúil sábháilte sa scoil
- Aithnítear buanna a chéile agus tógaimid ar na buanna sin

Cúlra:

Bunaíodh Scoil Chaoimhín chun feastal a dhéanamh:

a) ar pháistí arbh í an Ghaeilge an teanga teaghlaigh acu.
b) Ar pháistí a raibh roinnt Ghaeilge acu óna dtuismitheoirí.
c) Ar pháistí ar mhian lena dtuismitheoirí go bhfaighidís a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.

Fealsúnacht Scoile:

- Is scoil lán Ghaeilge í Scoil Chaoimhín.
- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile idir mhúinteoirí, pháistí agus thuismitheoirí.
- Is Scoil Náisiúnta í an scoil agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna patrún na scoile.
- Cothaítear meas tríd an scoil ar chreideamh, ar thraidisiún, ar chultúr agus ar theanga gach páiste.
- Éiteas Chaitliceach atá sa scoil

Aidhmeanna na Scoile:

- Forbairt iomlán an pháiste.
- Bunoideachas trí mhean na Gaeilge a chur ar fáil do pháistí agus a chur ar a gcumas a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge.
- Dúil sa Ghaeilge agus sa tsaíocht ghaelach a chothú i measc na bpáistí agus na dtuismitheoirí trí thimpeallacht iomlán Gaelach a chothú.

Comhoibriú:

Is mian leis an mBainistíocht atmaisféar sona spreagúil sábháilte a chothú sa scoil ar mhaithe leis na páistí.

Tá fáilte roimh thuairmí tuismitheoirí chun an dea atmaisféar seo a chinntiú.

Tá fáilte i gcónaí roimh thuismitheoirí teacht agus coinne a dhéanamh leis an múinteoir chun dul chun cinn a bpáiste a phlé.

Nuair atá siad ag roghnú na scoile, glacann na tuismitheoirí orthu féin an tacaíocht atá riachtanach a thabhairt dá bpáistí, do na múinteoirí agus don Bhainistíocht.

Chun an dea-thoil agus an tacaíocht seo a chothú agus chun nach gclisfear ar aidhmeanna bunúsacha na scoile, dírítear aire ar na pointí seo a leanas:

- Is gá go ndéanfadh tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile.
- Tá sé éigeantach go ndéanfadh na páistí an Ghaeilge a úsáid i gcónaí, sa scoil, i gclós na scoile, ag imeachtaí agus ag ócáidí scoile.
- Is gá do na páistí a bheith ar scoil in am gach lá, iad gléasta go cuí agus ullamh don scoil.
- Níl cead ag páiste an scoil ná timpeallacht na scoile a fhágáil gan cead.

Más mian le tuismitheoir go bhfágfadh a pháiste an scoil roimh an gnáth am dúnta (13.40, 14.40) is gá é sin a chur in iúl don phríomhoide i scríbhinn roimhré.